Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026
(OR. en)

10065/1/26
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0420(COD)

CLIMA 304
ENV 612
TRANS 386
MI 581
CODEC 1084

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/94/CE<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 16 Nollaig 2025, thíolaic an Coimisiún togra chun leasú a dhéanamh ar an rialachán maidir le caighdeáin feidhmíochta $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus veaineanna nua (ar a dtugtar an togra maidir le caighdeáin $CO_2$)[1]. Cuimsítear rialacha maidir le lipéadú feithiclí sa togra freisin.

2. Tíolacadh an togra mar chuid de phacáiste um mótarfheithiclí ina gcuimsítear freisin togra maidir le feithiclí corparáideacha glana agus tograí chun an reachtaíocht maidir le mótarfheithiclí a shimpliú (omnibus maidir le mótarfheithiclí).

[1] 17010/25 + ADD1.

3. Is é is aidhm don togra cur chuige níos solúbtha agus níos neodraí ó thaobh na teicneolaíochta de a sholáthar, agus forbairtí teicneolaíochta agus margaidh á gcur san áireamh, agus san am céanna, leanúint den chonair i dtreo na haeráidneodrachta, rannchuidiú leis an tslándáil agus an neamhspleáchas fuinnimh trí chúl a thabhairt le húsáid breoslaí iontaise san iompar de bhóthar agus intuarthacht a choinneáil do mhonaróirí agus d'infheisteoirí le linn aistriú cothrom i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha.

Go háirithe, leis an togra, íslítear spriocanna 2035 do ghluaisteáin agus veaineanna ó 100 % go 90 %, íslítear sprioc 2030 do veaineanna ó 50 % go 40 %, agus tugtar isteach na solúbthachtaí nua seo a leanas do mhonaróirí chun a spriocanna sonracha laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach: moladh go mbeadh an measúnú comhlíontachta ilbhliantúil sa tréimhse 2030 go 2032; sárchreidmheasanna le haghaidh gluaisteáin leictreacha bheaga 'déanta san Aontas' go dtí 2034; agus, ó 2035 ar aghaidh, creidmheasanna le haghaidh úsáid breoslaí in-athnuaite inbhuanaithe agus le haghaidh cruach ísealcharbóin 'déanta san Aontas'. Tá an dá sholúbthacht dheireanacha sin le húsáid chun na hastaíochtaí atá fágtha a chúiteamh chun aeráidneodracht an togra a áirithiú. Cuireann siad feabhas ar neodracht na teicneolaíochta agus laghduithe astaíochtaí eile seachas astaíochtaí sceithphíopa á gcur san áireamh.

4. Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (Comhshaol) maidir leis an togra an 17 Márta 2026, inar díríodh ar phríomhghnéithe an togra, eadhon na spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus na solúbthachtaí nua.

5. I bParlaimint na hEorpa, ceapadh Massimiliano SALINI (PPE, IT) ina rapóirtéir thar ceann Choiste ENVI. Tá coinne le vóta sa suí iomlánach i mí na Samhna 2026.

6. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra an 29 Aibreán 2026. Níor thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh maidir leis an togra go fóill.

7. Anseo thíos, leagann an Uachtaránacht amach an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir leis an togra agus tugann sí forléargas leathan ar staid na himeartha maidir leis na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach.

## II. STAID NA HIMEARTHA

### Ginearálta

8. Rinne an Mheitheal um an gComhshaol scrúdú ar an togra maidir le caighdeáin $CO_2$ ag roinnt cruinnithe, ar tionóladh an ceann is déanaí díobh an 21 Bealtaine 2026.

9. De bharr na díospóireachta beartais a bhí ag an gComhairle Comhshaoil i mí an Mhárta agus an ghrinnscrúdaithe ar leibhéal na Meithle, bhíothas in ann na príomh-shaincheisteanna sa togra agus seasaimh ghinearálta na dtoscaireachtaí ina leith a shainaithint. Mar sin féin, tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe fós ag roinnt toscaireachtaí maidir leis an téacs iomlán nó maidir le codanna de.

10. Ina theannta sin, tá dlúthbhaint ag dhá phríomhfhoráil sa togra — sárchreidmheasanna le haghaidh gluaisteáin leictreacha bheaga 'déanta san Aontas' agus creidmheasanna le haghaidh cruach 'ísealcharbóin' atá 'déanta san Aontas' — leis an togra omnibus maidir le mótarfheithiclí agus an togra le haghaidh 'Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht' (GDT). Níor tíolacadh togra GDT go dtí an 4 Márta 2026, agus tá an scrúdú atá á dhéanamh air fós ag céim réasúnta luath. Rinneadh plé maidir leis na forálacha idirnasctha i gCoiste na mBuanionadaithe an 5 Meitheamh 2026.

11. Cé gur lean an Uachtaránacht den obair ar gach gné den togra, go praiticiúil, ag an gcéim seo tá dírithe aici ar <u>chomhréiteach a chruthú go háirithe maidir le lipéadú agus saincheisteanna níos teicniúla</u>. Dá thoradh sin, thángthas ar chomhaontú ginearálta maidir leis an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht, ach tá roinnt saincheisteanna fós gan réiteach, go háirithe maidir le feithiclí athláimhe agus éifeachtúlacht fuinnimh feithiclí a áireamh ar an lipéad. Baineann roinnt saincheisteanna eile atá fós gan réiteach le príomh-shaincheisteanna an togra.

12. Is é measúnú foriomlán na hUachtaránachta go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna uile atá fós gan réiteach mar chuid de chomhréiteach cothrom foriomlán má táthar le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an togra.

**<u>Na príomh-shaincheisteanna nár réitíodh fós</u>**

13. Ó cuireadh tús leis an scrúdú ar an togra, ba léir gurb é atá i gcroílár na bpríomh-shaincheisteanna polaitiúla na spriocanna laghdaithe astaíochtaí le haghaidh 2035 agus 2030 agus na solúbthachtaí nua. I bhfianaise na ndúshlán atá roimh earnáil mótarfheithiclí na hEorpa i dtaca le costais táirgeachta, ró-acmhainneacht agus iomaíocht dhomhanda atá ag dul i méid, is é ab ábhar don díospóireacht na cothromaíochtaí cearta a aimsiú idir a bheith ag cloí leis an gcúrsa i dtreo na haeráidneodrachta agus an leictriú a spreagadh agus tuilleadh roghanna agus solúbthachtaí á dtabhairt do mhonaróirí chun a spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, sa chaoi is go neartaítear neodracht an teicneolaíochta, agus é á áirithiú ag an am céanna go mbeidh tionscal láidir iomaíoch mótarfheithiclí san Aontas. De réir taobh amháin den argóint, tá solúbthacht do mhonaróirí agus neodracht theicneolaíoch ríthábhachtach chun iomaíochas an tionscail a áirithiú; de réir an taoibh eile, is é leanúint den chonair agus den luas i dtreo an leictrithe an bealach chun cinn má táthar leis an iomaíochas a dhéanamh slán i bhfad na haimsire.

Sa chomhthéacs sin, is mian le roinnt toscaireachtaí an sainmhíniú ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha a leathnú chun feithiclí a ritheann go heisiach ar bhreoslaí atá 'neodrach ó thaobh carbóin de' a áireamh. Molann na toscaireachtaí sin 'neodrach ó thaobh carbóin de' a shainmhíniú ionas go gcumhdaítear gach cineál breoslaí in-athnuaite a liostaítear sa Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite. Is mian le toscaireacht amháin an sainmhíniú a leathnú chuig 'breoslaí in-athnuaite, lena n-áirítear bithbhreoslaí ardfhorbartha'. Tá toscaireachtaí eile ina choinne sin: measann siad gur cheart an sainmhíniú a bheith bunaithe i gcónaí ar astaíochtaí sceithphíopa. Molann toscaireacht amháin bogadh i dtreo cur chuige measúnaithe saolré iomláine.

Cuireadh breithnithe ar dhifríochtaí idir na Ballstáit in iúl freisin, lena n-áirítear difríochtaí a maidir le glacadh feithiclí leictreacha agus leathadh amach bonneagair.

*a) Spriocanna laghdaithe astaíochtaí*

Níor chuir roinnt toscaireachtaí aon seasamh críochnaitheach nó nithiúil in iúl go fóill maidir leis na spriocanna laghdaithe astaíochtaí atá beartaithe. Tá difríochtaí móra idir na seasaimh a cuireadh in iúl.

14. <u>Sprioc 2030 le haghaidh veaineanna</u>

Cé gur chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go sainráite go bhfuil siad i bhfabhar sprioc 2030 le haghaidh veaineanna a laghdú ó 50 % go 40 %, tá forchoimeádais fós ag a lán toscaireachtaí maidir leis an mbunábhar nó tá measúnú á dhéanamh acu fós ar an togra. Cé gur díol sásaimh do roinnt toscaireachtaí an treo ina bhfuiltear ag dul, d'iarr siad go ndéanfaí an sprioc a ísliú a thuilleadh i bhfianaise na mbacainní struchtúracha a bhaineann le glacadh veaineanna leictreacha. Tá forchoimeádais ag toscaireachtaí eile maidir leis an sprioc a ísliú, óir tá siad in amhras faoin ngá atá leis sin. D'iarr toscaireacht amháin go sainráite go n-ísleofaí sprioc 2030 le haghaidh gluaisteáin paisinéirí freisin.

Is cosúil go bhfuil tacaíocht leathan ann don <u>mheán 3 bliana maidir le comhlíonadh</u> sprioc 2030 (i gcás gluaisteán agus veaineanna araon). Tá forchoimeádais ag roinnt toscaireachtaí maidir le meánú, cé go n-áitíonn roinnt toscaireachtaí go bhfuil gá le tuilleadh solúbthachta; is mian leo sin é a leathnú go 5 bliana, agus dar le cuid acu, ba cheart sprioc 2025 a áireamh leis sin. Tá toscaireachtaí eile i gcoinne síneadh ginearálta go 5 bliana.

15. <u>Sprioc 2035 le haghaidh gluaisteán agus veaineanna agus oibleagáid na hastaíochtaí atá fágtha a chúiteamh</u>

Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad leis an sprioc 90 % mar aon leis an oibleagáid na hastaíochtaí atá fágtha a chúiteamh, agus d'iarr cuid acu freisin go n-áiritheofaí go mbeidh na laghduithe astaíochtaí i gcomhréir leis an Dlí Aeráide Eorpach.

Dúirt toscaireachtaí eile go bhféadfaidís tacú leis an sprioc 90 % ar choinníollacha áirithe, go háirithe gur cheart an 90 % a bheith gan choinníoll nó nár cheart é a chúiteamh ach go páirteach ar a laghad agus/nó gur cheart méadú agus leathnú a dhéanamh ar na solúbthachtaí atá ann do mhonaróirí chun a spriocanna sonracha a bhaint amach chun réaltachtaí an mhargaidh a léiriú. Tá roinnt toscaireachtaí i bhfabhar spriocanna 2035 a ísliú a thuilleadh le haghaidh gluaisteán agus veaineanna araon nó le haghaidh veaineanna amháin, agus iad in amhras faoi indéantacht na spriocanna atá beartaithe.

Os a choinne sin, tá roinnt toscaireachtaí cáinteach i dtaobh ísliú spriocanna 2035. Is mian le cuid acu go gcloífí leis na spriocanna 100 % atá ann faoi láthair, agus tagairt á déanamh acu do bhreithnithe áirithe, mar shampla spriocanna an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill agus a riachtanaí atá sé comhartha soiléir a thabhairt maidir le leictriú agus a bheith i gcomhréir leis na cuspóirí sa Dlí Aeráide Eorpach. Thug roinnt toscaireachtaí le fios go bhfuil a bhforchoimeádais nasctha leis an amhras atá orthu an mbainfí na laghduithe astaíochtaí céanna amach de bharr an tsásra cúitimh in éineacht le creidmheasanna agus a bhainfí de bharr na spriocanna atá ann faoi láthair.

*b) Solúbthachtaí*

16. <u>Sprioc 2030 le haghaidh gluaisteán - sárchreidmheasanna le haghaidh ‘feithiclí beaga leictreacha atá déanta san Aontas’</u>

Is cosúil go bhfuil tacaíocht leathan ann do choincheap na sárchreidmheasanna le haghaidh gluaisteáin bheaga, ach d’iarr roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí athruithe ar an togra nithiúil, nó tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe acu maidir le gnéithe áirithe de. Go háirithe, measann roinnt toscaireachtaí gur cheart sárchreidmheasanna a cheadú, mar chuid de chur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, le haghaidh gluaisteáin bheaga a ritheann go heisiach ar bhreoslaí atá neodrach ó thaobh carbóin de nó atá in-athnuaite. Leagann cuid acu béim ar inacmhainneacht na ngluaisteán beag sin mar ghné lárnach dá measúnú ar an bhforáil.

Tá forchoimeádais ag roinnt toscaireachtaí maidir leis an gcoincheap, áfach: is mian le cuid acu é a leathnú chuig gluaisteáin leictreacha níos mó freisin, agus diúltaíonn toscaireacht amháin don mholadh ina iomláine.

Moltar sainmhíniú ar ‘feithicil leictreach bheag’ san omnibus maidir le mótarfheithiclí, agus táthar fós ag feitheamh ar chomhaontú faoi sin sa Chomhairle.

Maidir leis an gcoincheap ‘déanta san Aontas’, féach thíos.

17. Spriocanna 2035 le haghaidh gluaisteán agus veaineanna – creidmheasanna breosla agus creidmheasanna le haghaidh cruach ísealcharbóin atá déanta san Aontas

A mhéid a bhaineann le creidmheasanna breosla, tá forchoimeádais ag toscaireachtaí go leor maidir leis an bhforáil, bíodh sin toisc nach leor, dar leo, an tsolúbthacht a sholáthraítear nó an tacaíocht a thugtar do neodracht na teicneolaíochta, nó toisc go bhfuil amhras orthu faoi shláine comhshaoil an togra agus go dtugtar na comharthaí míchearta don mhargadh. Is mian le roinnt toscaireachtaí an fhoráil a leathnú; áirítear leis sin í a chur i bhfeidhm roimh 2035 agus/nó céatadán na gcreidmheasanna a mhéadú agus/nó cineál na mbithbhreoslaí a leathnú. Tacaíonn roinnt toscaireachtaí leis an moladh gur cheart feithiclí a ritheann go heisiach ar bhreoslaí atá neodrach ó thaobh carbóin de/in-athnuaite a mheas mar fheithiclí astaíochtaí nialasacha. Sa chomhthéacs sin, moltar gach breosla a liostaítear sa Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite a chumhdach go cothrom. Os a choinne sin, tá forchoimeádais láidre ag grúpa eile toscaireachtaí, agus iad ag áitiú nach mbeidh an tsolúbthacht ina cúis le laghduithe breise ar astaíochtaí, ach go mbeidh sí ina cúis leis an soláthar a atreorú ó na hearnálacha (eitlíocht agus an earnáil mhuirí) a bhfuil na breoslaí sin de dhíth orthu in éagmais roghanna malartacha dícharbónaithe, agus leis an gcomhartha i leith an leictrithe a mhaolú. Tá siad i gcoinne an mholta feithiclí a fheidhmíonn go heisiach ar bhreoslaí atá neodrach ó thaobh carbóin de/in-athnuaite a mheas mar fheithiclí astaíochtaí nialasacha.

Maidir leis na creidmheasanna cruach ísealcharbóin, tá tacaíocht réasúnta leathan ann, nó oscailteacht ar a laghad, i dtaobh an choincheapa agus i dtaobh na haidhme atá ann margadh tosaigh a spreagadh do chruach ísealcharbóin atá déanta san Aontas. Ba mhaith le roinnt toscaireachtaí go gcuirfí na creidmheasanna i bhfeidhm níos luaithe ná 2035 agus d’iarr cuid acu go leathnófaí raon feidhme na gcreidmheasanna, go háirithe chun alúmanam a chumhdach. Tá ceisteanna ag na toscaireachtaí i gcoitinne, áfach, maidir leis an modheolaíocht agus na paraiméadair lena ndéanfar sainmhíniú ar chruach ísealcharbóin, a bhunófar i ngníomh tarmligthe faoin Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht.

Maidir leis an gcoincheap ‘déanta san Aontas’, féach thíos.

18. Tá forchoimeádais ag roinnt toscaireachtaí maidir leis an gcomhthiomsú a shrianadh do mhonaróirí bainteacha, agus é á áitiú acu go mbeidh saobhadh iomaíochta ann dá dheasca sin.

19. ‘Déanta san Aontas’ agus naisc le togra GDT

Ós amhlaidh go bhfuil an scrúdú ar thogra GDT fós sna céimeanna luatha, bhí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe agus ceisteanna ag formhór na dtoscaireachtaí go dtí seo maidir leis an gcoincheap ‘déanta san Aontas’ agus, mar a luaitear thuas, maidir le cruach ísealcharbóin.

Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad go hiomlán nó go páirteach ar a laghad leis an gcoincheap 'déanta san Aontas'. I gcás roinnt toscaireachtaí, is príomhghné den togra maidir le caighdeáin $CO_2$ é chun infheistíochtaí leanúnacha i dtáirgeadh atá bunaithe san Aontas a dhreasú agus chun spleáchais ar allmhairí a laghdú. Chuir toscaireachtaí eile in iúl go bhfuil amhras orthu faoin gcoincheap 'déanta san Aontas'; cheistigh siad comhoiriúnacht an choincheapa le hoibleagáidí idirnáisiúnta agus a éifeachtacht maidir le slabhraí luacha a chaomhnú do mhonaróirí.

20. <u>Athbhreithniú</u>

Measann roinnt toscaireachtaí go bhfuil an t-athbhreithniú ar an rialachán atá beartaithe do 2035 ródhéanach agus d'iarr cuid acu go gcuirfí tuilleadh sonraí isteach maidir le hábhar an athbhreithnithe. Measann toscaireachtaí eile nach gá an t-athbhreithniú a thabhairt chun cinn.

21. <u>Fachtóir úsáide le haghaidh feithiclí hibrideacha inluchtaithe</u>

Cé nach cuid den togra maidir le caighdeáin $CO_2$ é, d'iarr grúpa toscaireachtaí go ndéanfaí an <u>'fachtóir úsáide' le haghaidh feithiclí hibrideacha inluchtaithe</u>, mar a thugtar air, a reo, cé go bhfuil grúpa eile toscaireachtaí ina choinne sin. Úsáidtear an 'fachtóir úsáide' chun astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla na bhfeithiclí sin a ríomh. Is ar bhonn an chóimheasa mheasta idir tiomáint i mód leictreach agus tiomáint i mód innill dócháin a chinntear é sin. Glacadh nuashonrú an fhachtóra úsáide trí reachtaíocht thánaisteach chun a áirithiú gur fearr a léireoidh na hastaíochtaí $CO_2$ fíorastaíochtaí na bhfeithiclí sin agus beidh feidhm aige ón 29 Samhain 2026.

## III. <u>**CONCLÚID**</u>

Iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> aird a thabhairt ar an tuarascáil seo ar dhul chun cinn agus í a chur ar aghaidh chuig an <u>gComhairle</u> (Comhshaol) in oirchill an chruinnithe a bheidh aici an 25 Meitheamh 2026.